# FOIRM IARRATAIS AR NASC NUA

## Aonad Aonair Tráchtála/Tionsclaíoch (Foirm NC3)

esbnetworks.ie

Tá an t-eolas a iarrtar ar an bhfoirm iarratais seo ag teastáil ó ESB Networks CGA le cur ar ár gcumas do nasc soláthair leictreachais a chur ar bun agus a bhainistiú. Mar Oibreoir an Chórais Dáileacháin, tá an t-eolas seo ag teastáil freisin le cur ar chumas ESB Networks CGA an líonra leictreachais a bhainistiú. Is é ESB Networks CGA an rialaitheoir sonraí. Tá ár mbeartas príobháide le fáil ag https://esbnetworks.ie/privacy

### Foirm Iarratais i dTaca le:

- Nasc tráchtála/tionsclaíoch ☐
- Toilleadh Méadaithe (MIC) ☐
- Toilleadh Laghdaithe (MIC) ☐

Comhlánaigh gach cuid i mBLOCLITREACHA.
Ná fág aon chuid bán; Scríobh N/B mura mbaineann cuid áirithe le hábhar.

**ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN**

Uimh. Jab: ____________________

Fad: ____________________ R/U: __________

Grúpa Pleanálaithe: ____________________

MIC: ____________________ MCC: __________

Rinneadh Teagmháil ar an: ____________________

### 1. Ainm Iomlán an Iarratasóra agus Seoladh an Láithreáin atá le Nascadh / a mbaineann an tathrú MIC leis

(Más cuideachta nó comhpháirtíocht atá i gceist, tabhair ainm iomlán na cuideachta nó an tainm trádála iomlán)

Uimh. CBL

**Déan cinnte de go bhfuil an teideal ceart luaite thuas (i.e. cuideachta theoranta / comhpháirtíocht / trádálaí aonair) toisc go seolfar an sonrasc CBL deiridh chuig an ainm sin.**

**I gcás athruithe ar an MIC, ní mór d'ainm agus seoladh an iarratasóra a bheith ag teacht leo siúd atá cláraithe leis an soláthróir leictreachais.**

### 2. Ainm agus seoladh teagmhála i gcomhair comhfhreagrais (Murab ionann agus an seoladh thuas)

Teideal: An tUas ☐ Bean ☐ Iníon ☐ Cuideachta / Eile ____________________

Uimhir fóin póca: Líne thalún:

Seolfar téacsteachtaireacht SMS maidir le d'iarratas chuig an uimhir fóin póca atá tugtha agat thuas

R-phost:

## 3. Teagmhálaithe eile

Sainchomhairleoir Innealtóireachta:

Seoladh:

Uimhir Fóin: R-phost:

Sainchomhairleoir Leictreachais:

Uimhir Fóin:

## 4. Nasc nua

☐ Áitreabh Neamhspleách Nua Tráchtála / Tionsclaíoch (Féach Nóta 1 ar Leathanach 4)

☐ Cuid d'Fhorbairt Ilaonad (Féach Nóta 2 ar Leathanach 4)

☐ Is éard is MPRN críochnaithe ann ná nasc atá dínasctha le breis is dhá bhliain, rud a ndéantar plé leis amhail is dá mba nasc nua é

Má tá MPRN agat i ndáil leis an áitreabh seo, luaigh anseo é

☐ Eile (Mínigh) ______

**Comhordanáidí soir:**

**Comhordanáidí ó thuaidh:** **i gcás naisc nua**

Is éard atá sna comhordanáidí soir agus ó thuaidh ná comhordanáidí a dhéanann tagairt do shuíomh geografach do láithreáin ó thaobh na Suirbhéireachta Ordanáis de. Ní gá duit na comhordanáidí sin a líonadh isteach, ach cabhróidh siad linn do shuíomh a aimsiú.

## 5. Suíomh agus plean an láithreáin

**Nasc Nua / MPRN ar Cuireadh Deireadh leis** Cuir faoi iamh léarscáil ón tSuirbhéireacht Ordanáis (scála 1:2500 1:10560), a léiríonn cá bhfuil do láithreán, agus plean láithreáin (scála 1:100-1:500), a thugann léargas ar an áitreabh. **Tabhair do d'aire: Ní fhéadfaimid d'iarratas a phróiseáil gan na léarscáileanna sin.**

Ainm an Údaráis Áitiúil agus Uimhir an Iarratais Pleanála

## 6. Nasc atá ann cheana

☐ Méadú ar an MIC ☐ Laghdú Ar An MIC ☐ athrú ar ghrúpa DUoS amháin

**Tabhair an uimhir MPRN 11 digit:** (Féach Nóta 3 ar Leathanach 4)

**Ní mór don MPRN a bheith cláraithe in Ainm an Iarratasóra i gcás nasc atá ann cheana. Mura bhfuil, déan teagmháil le do sholáthróir leis an ainm a athrú.**

## 7. Cineál Gnó

m.sh. déantúsaíocht, miondíoltóireacht, tionscal trom, srl.

Úsáid ionchais fuinnimh Vata/m$^2$ (Téigh i ndáil chomhairle le do chonraitheoir leictreachais.)

**Uaireanta Táirgthe**

uair an chloig sa lá lá sa tseachtain seachtain sa bhliain

## 8. Sonraí maidir leis an ualach (**Comhlánaigh** an chuid seo mar go bhfuil na sonraí seo an-tábhachtach ar fad le plé a dhéanamh le d'iarratas)

| **Achoimre Ghinearálta** | **Iomlán na gCileavatanna (kW)** |
|---|---|
| Soilsiú | |
| Teaschaidéil | |
| Téamh Spáis Neamhshrianta | |
| Taiscthéamh Oíche | |
| Téamh Uisce | |
| Aeráil Aerchóirithe agus Fhórsáilte | |
| Fuarú | |
| Cócaireáin | |
| Eile | |

### Ualaí Suaite

**Áiseanna Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha**

An bhfuil sé beartaithe agat Áiseanna Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha a shuiteáil? Tá ☐ Níl ☐

Uaséileamh na nÁiseanna Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha ______________ (kW)

Líon na luchtairí atá le suiteáil ______________

Méid an luchtaire is mó ______________ (kW)

### Fuinneamh Leictreaghluaisneach

Liostaigh na mótair in ord a méide, ón gceann is mó chuig an gceann is lú. Grúpa mótar a thosaítear ag an am céanna, ba chóir é a chur san áireamh mar mhótar amháin. *Ar shamplaí d'ualaí iomlaoideacha tá stiallairí agus brúiteoirí.

| **Rátáil an Mhótair** (Níos mó ná 10kW) | **Éileamh Dúisithe Aimpéar ag 400V** | **Cineál Dúisire** (díreach ar líne, sciorrfháinne, réaltdeilt nó bogdhúiseacht leictreach) | **Líon na nDúisithe gach Uair an Chloig** | **Cineál Ualaigh** (Seasta nó Iomlaoideach*) | **Líon** | **Iomlán kW** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| Mótair níos lú ná 10kW | | | | | | |
| | | | | | | |

### Ualaí Suaite Eile

Sonraí maidir le haon táthaire, ualach SD, ualach atá rialaithe ag tíreastóir, nó aon ualach a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le hualach suaite

| **Cur Síos** | **kVA** | **Líon** | **Iomlán kVA** |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |

## 9. Uasacmhainn Iompórtála (MIC) (ÉIGEANTACH: Ní fhéadfar iarratais a phróiseáil mura mbeidh an chuid seo comhlánaithe)

**An Uasacmhainn Iompórtála (MIC) atá ag teastáil** ☐☐☐☐ **kVA**

Ba chóir go mbeadh an figiúr seo bunaithe ar na sonraí ualaigh tar éis an fachtóir iolarthachta a chur i bhfeidhm orthu. Custaiméirí atá ag lorg Méadú/Laghdú, ba chóir dóibh an MIC nua atá ag teastáil a shonrú. Féadfaidh sé go n-athróidh do sholáthróir an taraif tar éis athrú ar an MIC.

Aon Phas Amháin ☐ Trí Phas ☐ Má bhíonn nasc 3 phas ag teastáil, ba chóir ualaí aon phas a roinnt go cothrom idir na pasanna.

## 10. An Uasacmhainn Easpórtála (MEC) (Téigh chuig esbnetworks.ie)

**An Uasacmhainn Easpórtála (MEC) atá ag teastáil** ☐☐☐☐ **kVA**

Tá sé seo ag teastáil má tá sé beartaithe agat leictreachas a easpórtáil nó toilleadh giniúna leabaithe a fheistiú. Féach esbnetworks.ie le tuilleadh eolais a fháil ar naisc ghiniúna.

## 11. Taraif 24 uair an chloig/ama úsáide

Cuir in iúl cén taraif atá sé ar intinn agat a fháil ó do Sholáthróir Leictreachais

24 uair an chloig ☐ nó Am Úsáide ☐

## 12. Giniúint

An bhfuil sé beartaithe agat do Ghiniúint Chúltaca féin a bheith agat Tá ☐ Níl ☐

An bhfuil tú chun aon chineálacha eile giniúna a shuiteáil? Tá ☐ Níl ☐

An bhfuil aon chineálacha eile giniúna suiteáilte cheana féin? Tá ☐ Níl ☐

## 13. Soláthróir Leictreachais

Naisc Nua/Athnascadh. **Is le nasc leictreachais amháin a bhaineann an t-iarratas seo.**

A luaithe a gheobhaidh tú d'uimhir MPRN 11 digit ó ESB Networks CGA, beidh ort clárú le soláthróir leictreachais.

**Tá liosta de na soláthróirí leictreachais le fáil ar CRU.ie**

## 14. Deimhniú Críochnaithe

Ar mhaithe le sábháilteacht agus dea-chleachtas, caithfidh d'fhearas leictreach a bheith in oiriúint leis na caighdeáin ábhartha arna bhfaomhadh ag an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) Caithfear Deimhniú Críochnaithe i leith an fhearais, arna aithint ag NSAI, a chur faoinár mbráid i dtaca le gach uile nasc nua le córas Oibreoir an Chórais Dáileacháin. Ba chóir go mbeadh an deimhniú sin sínithe ag conraitheoir atá cláraithe le comhlacht rialála ceadúnaithe nó ag cigire de chuid a leithéid de chomhlacht. Ní chuirfidh ESB Networks CGA do nasc i gcrích go dtí go bhfaighimid Deimhniú Críochnaithe bailí. Is é áititheoir nó úinéir an áitribh atá freagrach as cúrsaí sábháilteachta san áitreabh.

## 15. Eolas Breise (Tabhair aon eolas breise a d'fhéadfadh a bheith ina chúnamh linn an t-iarratas seo a phróiseáil)

______________________________

______________________________

## 16. Síniú agus Dáta

**Síniú:** ______________________________

**Ainm Iomlán (BLOCLITREACHA):** ______________________________

**Post:** ______________________________ **Dáta** ____________________

**Aontaíonn tú go ligfidh tú do ESB Networks CGA an líonra a nascadh le do chuid trealaimh. Admhaíonn tú go bhfuil sé de cheart againn custaiméirí eile a nascadh leis an líonra.**

**D'fhéadfadh sé go mbeadh fianaise ag teastáil uainn go bhfuil sé d'údarás agat an fhoirm seo a shíniú. Maidir le hathruithe ar an MIC, más tríú páirtí thú atá ag déanamh an iarratais seo, ní mór duit litir údaraithe ó shealbhóir cláraithe an chuntais a chur faoi iamh.**

## Cosaint Sonraí

Féadfaidh ESB Networks CGA do chuid sonraí pearsanta a úsáid a mhéad is gá (a) chun do chomhaontú naisc a bhunú agus a bhainistiú (b) chun a cheadúnas agus oibleagáidí dlíthiúla eile atá air a chomhlíonadh; agus/nó (c) ar mhaithe lena leasanna dlisteanacha (ar choinníoll nach mbeidh na leasanna sin ag teacht salach ar do chearta agus saoirsí bunúsacha). Féadfar na sonraí pearsanta atá tugtha agat san fhoirm iarratais seo a nochtadh le páirtithe eile sna cásanna seo a leanas:

- Agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh ag ESB Networks CGA, féadfaidh sé seirbhísí conraitheoirí nó soláthróirí eile a úsáid. Féadfaidh ESB Networks CGA do chuid sonraí a nochtadh leis na páirtithe sin a mhéad is gá chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh agus ar chuntar nach ceadmhach dóibh do chuid sonraí a úsáid ach amháin de réir na dtreoracha a thabharfaidh ESB Networks CGA dóibh. Éilítear orthu do chuid sonraí a choinneáil slán sábháilte, leis.
- Féadfaidh ESB Networks CGA a nochtadh le cuideachtaí ceadúnaithe soláthair leictreachais agus le páirtithe eile a bhfuil baint acu le do sholáthar leictreachais gurb ann do do nasc, chomh maith le suíomh agus/nó gnéithe teicniúla an naisc sin. I gcás naisc nua, cuirfidh ESB Networks CGA d'uimhir theagmhála fóin ar fáil do chuideachtaí ceadúnaithe soláthair leictreachais d'fhonn fuinnmhiú an naisc an éascú.
- Féadfaidh sé go n-éileofar ar ESB Networks CGA leis an dlí, nó lenár ndualgais cheadúnais, sonraí atá i seilbh ESB Networks CGA fútsa, faoi do sholáthar leictreachais nó faoi do nasc a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí nó ranna rialtais, don Choimisiún um Rialáil Fóntais nó do thríú páirtithe eile.
- Féadfaidh sé go dtabharfar sonraí teagmhála do chuideachta ghairmiúil taighde margaidh chun críche taighde a dhéanamh ar cé chomh sásta is atá tú leis na seirbhísí arna gcur ar fáil ag ESB Networks CGA. Féadfar an t-eolas sin a úsáid chomh maith leis na seirbhísí a chuirimid ar fáil mar Oibreoir an Chórais Dáileacháin a fheabhsú.

## NB: Ná déan dearmad:

- **An fhoirm iarratais a shíniú agus dáta a chur léi**
- **Do léarscáil ón tSuirbhéireacht Ordanáis a chur faoi iamh, chomh maith le do phlean láithreáin i gcás Nasc Nua / MPRN ar Cuireadh Deireadh leis.**
- **Do MPRN a lua más suiteáil a cuireadh deireadh léi nó méadú/laghdú ar nasc atá ann cheana atá i gceist**
- **Na sonraí lódála a chomhlánú i gCuid 8**
- **Do shonraí MIC a líonadh isteach i gCuid 9**
- **Na sonraí teagmhála ar fad a líonadh isteach (is den ríthábhacht uimhir fóin bhailí a chur ar fáil)**

## Cuir an fhoirm iarratais ar ais chuig:

**ESB NETWORKS CGA, IARRATAIS AR NAISC NUA, BÓTHAR AN TSÁIRSÉALAIGH, WILTON, CORCAIGH. T12 E367**

Go raibh maith agat as an dua a chur ort féin an fhoirm seo a chomhlánú ina hiomláine.

**Cuirfear iarratais neamhiomlána ar ais. Má tá tú ag déanamh iarratas ar nasc nua, déan cinnte de go bhfuil na léarscáileanna curtha faoi iamh a bhfuil tagairt déanta dóibh i gCuid 5.**

## Nótaí Ginearálta maidir le hIarratas Gnó

NB: Níl sna nótaí seo ach treoir ghinearálta. Féach láithreán gréasáin ESB Networks CGA le cur síos níos mionsonraithe a dháil ar an bpróiseas déanta iarratais: esbnetworks.ie

### Nóta 1

- I gcás iarratas i ndáil le láithreán úrnua/iarratas neamhspleách ar nasc nua inar mó an MIC (Uasacmhainn Iompórtála) ná 200kVA (300 aimpéar), éileofar ar an gcustaiméir foirgneamh fostáisiúin a chur ar fáil ar an láithreán. N.B. Ag brath ar an acmhainn atá ar fáil, d'fhéadfadh sé go mbeadh fostáisiún ag teastáil in áiteanna áirithe le haghaidh ualaí atá cothrom le 200kVA nó níos lú ná sin. Déanfar an cinneadh deiridh maidir leis an bhfostáisiún a luaithe a bheidh measúnú iomlán déanta ar an iarratas ar nasc ag an Oifigeach Innealtóireachta ainmnithe de chuid ESB Networks.
- I gcás iarratas ar MIC nua/méadaithe i bhforbairt atá ann cheana, féadfaidh sé go mbeidh foirgneamh fostáisiúin ag teastáil. Fiosraigh an scéal leis an oifig áitiúil sula ndéanfar iarratas.
- Sa chás go n-éileofar foirgneamh fostáisiúin, caithfear léarscáileanna leictreonacha agus cóipeanna crua díobh a cheangal le gach iarratas nua. R-phost: developmentmaps@esb.ie

### Nóta 2

- Iarratasóirí i ndáil le haonad i bhforbairt atá ann cheana, ba chóir dóibh dul i dteagmháil leis an bhforbróir/tógálaí/gcomhlacht bainistíochta leis an MPRN a fháil le haghaidh an áitribh.
- Tá an MIC agus an grúpa DUoS don áitreabh san áireamh sna sonraí MPRN.
- Beidh ort teagmháil a dhéanamh le ESB Networks CGA mura bhfuil an MIC le haghaidh an áitribh atá i gceist ag teacht le do chuid riachtanas, agus an fhoirm iarratais seo (NC3) a chomhlánú maidir le haon athrú is gá.
- Déan teagmháil le do rogha soláthróra leis an MPRN a chlárú má tá na sonraí ar fad maidir le do MPRN i gceart. Tá liosta de na soláthróirí le fáil ar CRU.ie
- Más mian leat aonaid atá ann cheana a roinnt ina n-aonad breise, caithfear an fhoirm iarratais seo (NC3) a chomhlánú ina hiomláine, lena n-áirítear léarscáileanna leictreonacha/páipéir.
  R-phost: developmentmaps@esb.ie

### Nóta 3

- Sannann ESB Networks CGA táille DUoS, a bhraitheann ar an MIC a iarrtar. Féach ár láithreán gréasáin le tuilleadh eolais a fháil: esbnetworks.ie
- Sanntar grúpa DUoS DG5 do naisc idir 15kVA agus 49kVA.
- Sanntar grúpa DUoS DG6 do naisc ar mó ná 49kVA (ísealvoltas) iad.
- Sanntar grúpa DUoS DG7/DG8 do gach nasc meánvoltais (MV).

### Uasacmhainn Iompórtála (MIC)

**Céard í?**

Soláthraímid do chustaiméirí dár gcuid naisc atá deartha de réir acmhainn shonraithe. Is ionann acmhainn do naisc agus an t-ualach iomlán leictreach a bhfuil do nasc deartha lena aghaidh. Tomhaistear an acmhainn i gcilea-voltaimpéir (kVA). Tá cilea-voltaimpéir cosúil le cileavata. Tugtar an Uasacmhainn Iompórtála (MIC) ar leibhéal acmhainne an chustaiméara.

Aontaíonn custaiméirí gnó leibhéal le ESB Networks CGA de réir na riachtanas ar leith atá acu.

**Cén fáth a bhfuil sí tábhachtach?**

Agus iarratas á dhéanamh ar nasc, is é an cinneadh is tábhachtaí a bhíonn le déanamh ná an leibhéal acmhainne atá ag teastáil uait. Tá tábhacht nach beag ag baint le hacmhainn do naisc – an Uasacmhainn Iompórtála – ar roinnt cúiseanna:

- Is í sin an acmhainn a ghabhann ESB Networks CGA air féin a chur ar fáil do d'áitreabh ag an bpointe nasctha.
- Is é an MIC an uasteorainn leis an ualach iomlán leictreach is féidir leat a úsáid i d'áitreabh.
- Cuirtear an MIC roghnaithe san áireamh agus costas an nasctha agus na táillí DUoS (táillí úsáide córais) a leanann ar aghaidh á ndéanamh amach. Foilsítear na táillí sin inár Ráiteas Táillí, atá le fáil lena íoslódáil ar esbnetworks.ie .

**Cén chaoi an acmhainn a bheidh ag teastáil a mheas**

Ar deireadh thiar, is faoin gcustaiméir atá sé an acmhainn a roghnú de réir a chuid riachtanas. Is é is dóichí go mbeidh sí i bhfad níos ísle ná suim rátálacha cileavata an trealaimh ar fad a fheisteoidh tú. D'fhéadfadh sé gur mhaith leat an MIC a bheidh ag teastáil uait a phlé le do chonraitheoir/shainchomhairleoir leictreachais.

## Nóta 4

**Teachtaireacht Sábháilteachta**

- Más ann d'aon línte leictreachais lastuas ar an láithreán, d'fhéadfadh sé gur ghá iad a atreorú nó a chur faoi thalamh sula bhféadfaí tosú ar aon obair thógála. Ba chóir iarratais ar línte a athrú a chur faoi bhráid ESB Networks CGA go luath sa phróiseas – féach esbnetworks.ie le tuilleadh eolais a fháil faoi cén chaoi iarratais den sórt sin a dhéanamh.
- Féach an "Code of Practice for Avoiding Danger from Overhead Electricity Lines" ó ESB Networks, atá faofa ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, le treoir shábháilteachta a fháil i ndáil le hobair a dhéanamh gar do línte lastuas. Tá sé le fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta agus ar láithreán gréasáin ESB Networks CGA araon, nó i gcló saor in aisce ach é a iarraidh ar ESB Networks CGA. Fón 1800 372 757 nó 021 2386555.
- Féach an "Code of Practice for Avoiding Danger from Buried Services" ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta le treoir shábháilteachta a fháil i ndáil le cáblaí leictreachais faoi thalamh. Tá sé le fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.
- Tá léarscáileanna de línte/cháblaí ESB le fáil ón Lár-Oifig Léarscáilithe Líonra – 1800 372 757 nó 021 2386555 nó r-phost dig@esb.ie.

# NÁ DÉAN DEARMAD!

NÁ TÓG FAOI SHREANGA LEICTREACHAIS NÁ GAR DÓIBH

**BÍ SÁBHÁILTE, FAN AMACH Ó SHREANGA LEICTREACHAIS**

ESB NETWORKS CGA



**ESB Networks**

**Stiúrthóirí:** Marguerite Sayers (Cathaoirleach), Nicholas Tarrant, Caroline Spillane, Ian Talbot, Michael Nolan. **Oifig chláraithe:** ESB Networks, Bothar Bhaile na Lobhar, Baile Átha Cliath 18, D18XN80

Part Number: ESB/9806659-9 Rev. May 2026. DOC-130715-CAB